Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**8412/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0116(NLE)**

**ACP 42**
**WTO 69**
**COAFR 92**
**RELEX 518**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 176 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí a ghlacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 176 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 176 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.4.2022
COM(2022) 176 final

2022/0116 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí a ghlacadh**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, i ndáil le glacadh na Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí agus an Chóid Iompair.

### 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

#### 2.1. An Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile ('an Comhaontú') an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Deis a thabhairt do Ghána leas a bhaint as an rochtain mhéadaithe ar an margadh arna deonú ag an Aontas faoi chuimsiú creata caibidlíochta CCE agus ar an gcaoi sin suaitheadh trádála idir Gána agus an tAontas a sheachaint ó tháinig deireadh le córas trádála idirthréimhseach Chomhaontú Cotonou an 31 Nollaig 2007, fad agus nach bhfuil CCE iomlán tugtha i gcrích go fóill;

(b) Na forais a leagan síos chun CCE a chaibidliú a rannchuideoidh le laghdú na bochtaineachta, a chuirfidh an comhtháthú réigiúnach, an comhar eacnamaíoch agus an dea-rialachas chun cinn san Afraic Thiar agus a mhéadóidh cumas na hAfraice Thiar i réimsí an bheartais trádála agus na saincheisteanna a bhaineann le trádáil;

(c) Comhtháthú comhchuí Ghána sa gheilleagar domhanda de réir a chéile a chur chun cinn i gcomhréir lena roghanna polaitiúla agus tosaíochtaí forbartha;

(d) Na naisc atá ann cheana idir na Páirtithe a neartú ar bhonn na dlúthpháirtíochta agus an leasa fhrithpháirtigh;

(e) Comhaontú a chruthú a luífidh le hAirteagal XXIV de CGTT 1994.

Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach idir Gána, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, ón 15 Nollaig 2016.

#### 2.2. An Coiste CCE

Le hAirteagal 73 den Chomhaontú bunaítear an Coiste CCE agus foráiltear go bhfuil sé freagrach as na réimsí ar fad a chumhdaítear leis an gComhaontú a riar agus as na cúraimí ar fad a luaitear sa Chomhaontú a dhéanamh. Foráiltear sa Comhaontú freisin go gcinnfidh an Coiste a chuid rialacha eagrúcháin agus feidhmiúcháin féin. Tá a rialacha nós imeachta glactha ag an gCoiste dá réir sin[1].

Faoi Theideal V (Seachaint agus Réiteach Díospóidí), foráiltear le hAirteagal 59 (Rialacha nós imeachta) go mbeidh na nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi Chaibidil 3 den Teideal seo faoi rialú na Rialacha Nós Imeachta a ghlacfaidh an Coiste CCE laistigh de thrí mhí tar éis a bhunaithe. De bhun Airteagal 64(2), foráiltear go gcuirfear Cód Iompair i

[1] Cinneadh Uimh. 1/2021 ón gCoiste CCE arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, an 29 Iúil 2021 maidir le Rialacha Nós Imeachta an Choiste CCE a ghlacadh (IO L 459, 22.12.2021, lch. 3).

gceangal leis na Rialacha Nós Imeachta. Is iomchuí gur cheart an Cód Iompair d'eadránaithe a bheith infheidhme maidir le hidirghabhálaithe freisin.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste CCE

Le linn an dara leath de 2022, tá cinneadh maidir leis na Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí le glacadh ag an gCoiste CCE ('an gníomh atá beartaithe'). Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe na Rialacha Nós Imeachta lena rialófar Réiteach Díospóidí agus an Cód Iompair a bhaineann leo a bhunú.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leis an togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle, leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste CCE arna bhunú leis an gComhaontú, maidir leis na Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí agus maidir leis an gCód Iompair a bhaineann leo. Is iomchuí gur cheart an Cód Iompair d'eadránaithe a bheith infheidhme maidir le hidirghabhálaithe freisin.

Phléigh na Páirtithe sa Chomhaontú na Rialacha Nós Imeachta agus an Cód Iompair atá beartaithe agus d'aontaigh siad gur cheart don Choiste CCE na Rialacha Nós Imeachta agus an Cód Iompair sin a ghlacadh le linn an dara leath de 2022, faoi réir nósanna imeachta cinnteoireachta an Aontais.

Substaint na Rialacha Nós Imeachta atá beartaithe agus an Chóid Iompair a bhaineann leo, is cosúil í le substaint na Rialacha Nós Imeachta agus an Chóid Iompair a bhaineann le comhaontuithe trádála eile de chuid an Aontais.

Tá na Rialacha Nós Imeachta bunriachtanach chun creat institiúideach an Chomhaontaithe a chomhlánú agus, dá bhrí sin, chun cur chun feidhme rianúil an Chomhaontaithe a áirithiú.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

Déantar foráil le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le cinntí lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Áirítear leis an gcoincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach 'a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'[2].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Coiste CCE a bunaíodh le comhaontú, eadhon an CCE eatramhach idir an tAontas Eorpach agus Gána.

[2] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Is é atá sa ghníomh a iarrtar ar an gCoiste CCE a ghlacadh, gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis, ós rud é go leagann sé síos rialacha dlíthiúla ceangailteacha lena rialófar Réiteach Díospóidí idir na Páirtithe.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe ar ina leith a nglactar seasamh thar ceann an Aontais. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

De bhun Airteagal 46 den Chomhaontú, an sásra um Sheachaint agus Réiteach Díospóidí a leagtar amach leis an gComhaontú i dTeideal V, níl feidhm aige maidir le Teideal II den Chomhaontú (‘an Comhpháirtíocht um Fhorbairt’). Fágann sin go bhfuil feidhm ag an sásra um Sheachaint agus Réiteach Díospóidí de Theideal V maidir le díospóidí a bhaineann le cúrsaí trádála, ar díospóidí iad a thagann faoin gComhbheartas Tráchtála ó thaobh dhearcadh an Aontais de. Dá bhrí sin, na Rialacha Nós Imeachta agus an Cód Iompair a bhaineann leo atá le glacadh ag an gCoiste CCE de bhun Airteagail 59 agus 64(2) de Theideal V den Chomhaontú, beidh feidhm acu maidir le díospóidí a bhaineann le cúrsaí trádála.

I bhfianaise a bhfuil thuas, is léir go mbaineann ábhar an ghnímh beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é an chéad fhomhír d’Airteagal 207(4) CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart an chéad fhomhír d’Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 5. Foilsiú an ghnímh atá beartaithe

Ós rud é go dtabharfaidh gníomh an Choiste CCE isteach rialacha nós imeachta um Réiteach Díospóidí faoin gComhaontú, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2022/0116 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche ('CCE') eatramhach idir Gána, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, an 28 Iúil 2016[3] ('an Comhaontú'). Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Gána, den pháirt eile, ón 15 Nollaig 2016[4].

(2) De bhun Airteagal 73(3) den Chomhaontú, tá an Coiste CCE freagrach as na réimsí ar fad a chumhdaítear leis an gComhaontú a riar agus as na cúraimí ar fad a luaitear sa Chomhaontú a dhéanamh.

(3) De bhun Airteagal 59, beidh nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi rialú na Rialacha Nós Imeachta, rud a ghlacfaidh an Coiste CCE laistigh de thrí mhí tar éis a bhunaithe.

(4) De bhun Airteagal 64(2), tá Cód Iompair i gceangal leis na Rialacha Nós Imeachta. Is é atá i gceist le feidhm an Chóid Iompair, prionsabail threoracha, cearta agus oibleagáidí a leagan amach nach mór d'eadránaithe a chomhlíonadh. Is iomchuí go mbeidh an Cód Iompair d'eadránaithe infheidhme maidir le hidirghabhálaithe freisin, *mutatis mutandis*.

(5) Tá cinneadh maidir leis na Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí le glacadh ag an gCoiste CCE sa chéad leath de 2022.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste CCE a leagan síos, ós rud é go mbunófar, leis an gCinneadh ón gCoiste CCE atá beartaithe, rialacha atá ceangailteach ó thaobh an dlí de lena rialófar Réiteach Díospóidí,

---

3 An Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, (IO L 287, 21.10.2016, lch. 3).

4 Cinneadh (AE) 2016/1850 ón gComhairle an 21 Samhain 2008 maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit den pháirt eile, a shíniú agus a chur i bhfeidhm go sealadach.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a bhunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*